AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2013
SWD(2013) 322 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú**

{COM(2013) 620 final}
{SWD(2013) 321 final}
{SWD(2013) 323 final}

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú**

## Achoimre feidhmiúcháin

### 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

Tá dhá thaobh le fadhb na speiceas coimhthíoch ionrach (SCI) san Eoraip: 1) an fhadhb éiceolaíoch a chruthaítear lena de dheasca a dteacht isteach, a mbunú agus leathadh, 2) an mhainneachtain beartais a thagann as an mbeartas ilroinnte neamhleanúnach arna shuí ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta arb é is cúis leis an bhfadhb a dhul in olcas.

*An fhadhb éiceolaíoch* – Is speicis choimhthíocha iad speicis a iompraítear lasmuigh dá raon nadúrtha thar bhacainní éiceolaíocha mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine. Is léir ón bhfianaise eolaíoch go mbíonn tionchar diúltach suntasach ag 10-15 % de na speicis choimhthíocha sin ar bhithéagsúlacht chomh maith le hiarmhairtí tromchúiseacha ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí: sin iad na Speicis Choimhthíocha Ionracha (SCInna). Tá dhá phríomhchúis leis an bhfadhb seo: 1) tá roinnt áirithe speiceas coimhthíoch atá inmhianaithe agus a thugtar, e.g. trí bhíthin trádála, isteach san AE (e.g. leasanna tráchtála, chun críocha maisithe, ainmhithe coimhdeachta, rialú bitheolaíoch); 2) tugtar roinnt speiceas coimhthíoch isteach go neamhbheartaithe mar éilleáin earraí (trádáil i dtráchtearraí eile) nó is síobairí nó folachánaithe iad i gcoimeádáin agus i bhfeithiclí iompair. Meastar gur chosain Speicis Choimhthíocha Ionracha (SCInna) EUR 12 billiún sa bhliain ar a laghad le 20 bliain anuas. Imríonn siad tionchar ar ghnólachtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus micrifhiontair, (e.g. tionchar an cháidhpiú ar tháirge talmhaíochta), ar an tsochaí (e.g. eimhear sléibhe is cúis le hailléirgí), ar údaráis phoiblí (e.g. muscfhrancach ag déanamh damáiste do bhonneagar), agus ar an mbithéagsúlacht (e.g. an lacha rua ina bagairt ar an lacha cheannbhán dhúchasach). Tá líon na speiceas coimhthíoch ionrach ag dul i méid de réir mar atá an méid trádála agus iompair ag fás. Ina theannta sin, de réir mar a bhunaíonn na SCInna a tugadh isteach agus de réir mar a leathann siad, tá an damáiste in aghaidh gach SCI ag dul i méid, rud a fhágann méadú mór ar an damáiste iomlán. Mura ndéantar aon bheart iomchuí, meastar go rachaidh an costas don AE i méid dá réir.

*Mainneachtain bheartais* – Is fíorbheagán de na Ballstáit a bhfuil creat rialála cuimsitheach acu chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb agus braitheann a bhformhór ar ghníomh *ad hoc* speiceas-sonrach, rud a fhágann gur cur chuige neamh-chomhleanúnach píosa ar phíosa atá ann chun dul i ngleic le fadhb ar fadhb thrasteorann í. I láthair na huaire, le reachtaíocht an AE ní thugtar aghaidh ach ar lotnaidí nó oibreáin galar a imríonn tionchar ar phlandaí agus ar ainmhithe, agus ar speicis choimhthíocha a thugtar isteach i gcomhair dobharshaothraithe (a rialaítear leis an gcóras folláine plandaí, leis an gcóras sláinte ainmhithe agus leis an rialachán maidir le húsáid speiceas coimhthíoch sa dobharshaothrú), rud a fhágann sciar substaintiúil

den fhadhb gan réiteach. Ina theannta sin, is frithghníomhach den chuid is mó aon bheart a dhéantar faoi láthair maidir le SCInna i mBallstáit an AE, ag iarraidh an damáiste atá á dhéanamh cheana a mhaolú.

Cuireann SCInna isteach ar gach Ballstát, bíodh is go dtarlaíonn sé ag tráthanna éagsúla agus ag speicis éagsúla, cuireann roinnt SCInna isteach ar an gcuid is mó den AE, ach ní fadhb iad cinn eile ach i réigiúin áirithe, nó faoi dhálaí áirithe éiceolaíocha nó aeráide. Is féidir talamh slán a dhéanamh de gur dócha gurb iad na tíortha sin ar airde a méideanna trádála agus líon a bpointí iontrála a bheidh thíos níos mó le tabhairt isteach SCInna. Ní féidir ollmhéid nó comhchruinniú gluaiseachtaí laistigh den AE a chinntiú toisc nach ndéantar aon seiceálacha inmheánacha le haghaidh tráchtearraí ann ná ní dhéantar aon fhaireachán ar speicis choimhthíocha a ghluaiseann san fhiántas thar theorainneacha. Toisc gurb ábhartha é tionchar na SCInna don AE ar fad, is chun leasa gach Ballstát san AE a rachadh beart comhordaithe chun dul i ngleic le SCInna, agus é soiléir go mbeadh gá le hiarrachtaí ó gach Ballstát.

## 2. An bhfuil údar le beart de chuid an AE ar fhoras na coimhdeachta?

Toisc go bhfuil líon na SCInna ag dul i méid in ainneoin na mbeartas/dtionscnamh reatha, is léir nach éifeachtach an cur chuige atá ann faoi láthair. Toisc nach bhfuil aon mheas ag speicis ar theorainneacha, beidh bonn cirt le beart an AE. Beidh gá le beart comhordaithe ón AE lena áirithiú, nuair a thagann SCInna isteach san Aontas den chéad uair, go nglacfaidh na Ballstáit bearta gan mhoill chun leasa na mBallstát eile nár cuireadh isteach orthu fós. Áiritheofar leis freisin go mbeidh soiléireacht dhlithiúil agus cothrom iomaíochta ann do na hearnálacha sin a bhaineann úsáid as speicis choimhthíocha nó a bhíonn á dtrádáil agus ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh á seachaint acu mar gheall ar na srianta éagsúla ar thráchtálú SCInna idir na Ballstáit. Bíonn roinnt speiceas ionrach agus déanann siad an-chuid damáiste i dtíortha áirithe ach iad neamhdhíobhálach nó rathúil fiú i dtíortha eile. Má dhéantar beart ar leibhéal an AE i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, cosnófar leas na mBallstát sin ar dócha iad a bheith thíos leis na hiarmhairtí is diúltaí. Ar deireadh, na Ballstáit sin a bhfuil reachtaíocht acu cheana maidir le SCInna, rachaidh cur chuige coiteann chun a leasa, ag ráthú go ndéanfaidh na Ballstáit chomharsanachta bearta i leith na speiceas céanna.

## 3. Cuspóirí

Cuspóirí ginearálta:

tionchar diúltach SCInna ar an mbitheolaíocht agus ar an gcomhshaol a mhaolú agus cuidiú le **sprioc bithéagsúlachta AE 2020 a bhaint amach** trí Sprioc 5 a chomhlíonadh: *"faoi 2020, beidh SCInna agus a gconairí sainaitheanta agus curtha in ord tosaíochta, beidh speicis tosaíochta srianta nó díothaithe, agus déanfar bainistiú ar chonairí chun teacht isteach SCInna nua agus a mbunú a chosc;* chun an tionchar diúltach ag SCInna ar gheilleagar an AE agus ar shochaí an AE a mhaolú agus chun a bhfolláine agus a sláinte a chosaint, agus cur, dá bhrí sin, le **Straitéis Eoraip 2020** a bhaint amach.

Cuspóirí sonracha:

an cur chuige frithghníomhach atá ann faoi láthair a aistriú go ceann níos coiscthí i leith SCInna;

bearta i leith SCInna a chur in ord tosaíochta i gcás ina bhfuil na glansochair is airde le baint amach;

cur chuige comhtháite i leith SCInna a chothú ar fud an AE.

Cuspóirí oibríochtúla :

cosc a chur le SCInna is ábhar imní don AE a thabhairt isteach go beartaithe san AE ;

cosc a chur le SCInna a thabhairt isteach go neamhbheartaithe san AE agus le scaoileadh SCI go neamhbheartaithe sa timpeallacht;

cosc a chur le scaoileadh SCInna go beartaithe sa timpeallacht;

luathrabhadh agus mearfhreagairt chun atáirgeadh agus leathadh SCInna is ábhar imní don AE a chosc;

damáiste a dhíchur, a íoslaghdú nó a mhaolú trí SCInna is ábhar imní don AE atá bunaithe sa timpeallacht a bhainistiú.

## 4. ROGHANNA BEARTAIS

Sainaithníodh cúig rogha, tugann gach ceann acu aghaidh ar an gcúig chuspóir oibríochtúla, ach leibhéal éagsúil uaillmhéine a bheith acu. Baineadh úsáid as cur chuige dériain chun na roghanna a leagan síos, lena n-áiríodh ag an am céanna na bearta ba ghá chun dul i ngleic leis na cuspóirí oibríochtúla (an t-ábhar), chomh maith leis an gcineál ionstraime beartais (an fhoirm).

**Rogha 0** – Léirítear an *status quo* sa rogha bunlíne gan a thuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh, gan aghaidh a thabhairt dá dheasca sin ach ar lotnaidí nó oibreáin galar a imríonn tionchar ar phlandaí agus ar ainmhithe, agus ar speicis choimhthíocha a tugadh isteach i gcomhair dobharshaothraithe. Chomh maith leis sin, d’fhéadfaí toirmisc ar allmhairí a chur i bhfeidhm tríd an Rialachán maidir le Trádáil Fiadúlra agus d’fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar shaincheist an uisce ballasta nuair a thiocfaidh an Coinbhinsiún Uisce Ballasta i bhfeidhm. Leanfadh na Ballstáit ag gníomhú dóibh ar bhonn *ad hoc* arna dtiomáint ag na costais a bhainfeadh leis an damáiste ag brath ar an speiceas.

**Rogha 1 –** Bheadh forbairt treoracha, cóid chleachtais de réir earnála agus feachtais eile feasachta agus oideachasúla san áireamh agus gníomhaíocht dheonach á cothú agus comhar a fheabhsú. Bheadh sé sin anuas ar an méid a cuireadh i ngníomh le Rogha 0.

**Rogha 2.1 -** Chuirfí taca faoi ionstraim bhunúsach reachtach le liosta amháin SCInna is ábhar imní don AE. Speicis choimhthíocha a bheadh ansin a bhí cruthaithe a bheith ionrach trí bhíthin measúnú riosca, agus a measadh bagairt ábhartha don AE a bheith ann ag buanchoiste ar a raibh ionadaithe ó na Ballstáit. Spreagfadh an liosta seo sraith oibleagáidí do na Ballstáit: ar thaobh amháin, chun beart a dhéanamh lena gcuirfí cosc le teacht isteach speiceas liostaithe san AE (cosc) agus, ar an taobh eile, chun bainistiú a dhéanamh ar na speicis liostaithe atá tagtha isteach cheana féin agus bunaithe san AE (frithghníomh), agus chun leathadh níos mó ar fud an AE a sheachaint agus chun a gcuid damáiste a íoslaghdú.

D’fhágfaí faoi na Ballstáit an rogha beartas a dhéanfaí (díothú, coinneáil nó rialú).

Rogha 2.2 – Leathnaítear leis an rogha seo raon feidhme Rogha 2.1 thar liosta na SCInna is ábhar imní don AE i ndáil leis na rialacha maidir lena scaoileadh isteach sa timpeallacht. Bhainfí é sin amach trí chóras a thabhairt isteach le go mbeadh ceadúnas scaoilte ag teastáil ó na Ballstáit i leith SCInna is ábhar imní do Bhallstát.

Rogha **2.3 -** Leathnaítear leis fiú níos mó raon feidhme Rogha 2.1 thar liosta na SCInna is ábhar imní don AE i ndáil leis na rialacha maidir lena scaoileadh isteach sa timpeallacht. Bhainfí é sin amach trí chóras a thabhairt isteach le nach bhféadfaí speiceas coimhthíoch a scaoileadh isteach sa timpeallacht ach amháin i gcás ina mbeadh sé formheasta go sainráite, agus curtha ar liosta AE de speicis choimhthíocha formheasta chun scaoilte, tar éis a chinntiú nach ngabhfadh aon riosca leis an scaoileadh.

Rogha **2.4 –** Leis an rogha seo déantar na forálacha i gcomhair mearfhreagartha a threisiú i gcomparáid le Rogha 2.2. Bhainfí é sin amach trí oibleagáid a thabhairt isteach do na Ballstáit SCInna a bheadh nuabhunaithe ar liosta na SCInna is ábhar imní don AE, seachas iad a rialú nó iad a choinneáil, mura mbeadh maolú tugtha ag an gCoimisiún.

## 5. MEASÚNÚ TIONCHAIR

Deacracht amháin a bhain le tionchar na roghanna éagsúla a anailísiú ab ea go raibh sé dodhéanta faisnéis a fháil roimh ré faoi líon na n-ionraí agus cad iad na hionraí a gcaithfí dul i ngleic leo agus cad iad na speicis agus an mó ceann acu a chuirfí ar liosta na SCInna is ábhar imní don AE. Ina theannta sin, b'annamh i gcoitinne a rinneadh staidéir eacnamaíocha chuimsitheacha ar an mórchóir go dtí le déanaí.

Rud eile le cur san áireamh ná go gceaptar gurb iad na hearnálacha is dócha a gcuirfear isteach orthu leis an ionstraim reachtach ná roinnt mhaith FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair. Is ábhar imní don Choimisiún tionchar na reachtaíochta ar fhiontair bheaga agus ar mhicrifhiontair agus é mar bheartas aige an t-ualach ar na gnólachtaí sin a íoslaghdú; mheasfaí, áfach, go dtiocfaidís faoi raon feidhme na reachtaíochta. Is féidir tionchar tromchúiseach diúltach a bheith ag SCInna ar FBManna in earnálacha amhail foraoiseacht, talmhaíocht, turasóireacht agus gníomhaíochtaí áineasa. Rachadh sé chun leasa na n-earnálacha sin, dá bhrí sin, dá dtabharfaí isteach bearta comhordaithe chun dul i ngleic le SCInna. Ar an taobh eile, tá FBManna eile ann, amhail trádálaithe peataí agus an earnáil gairneoireachta, a bhaineann leas as trádáil speiceas coimhthíoch a d’fheadfaí go gcuirfí isteach orthu le tabhairt isteach reachtaíochta chun dul i ngleic le SCInna, rud a d'fheadfadh srian a chur le húsáid speiceas coimhthíoch, cé go nglactar leis i gcoitinne go bhfuil speicis ionadacha ann i bhformhór cásanna.

Sainaithníodh an tionchar seo a leanas san anailís:

Rogha **0 –** Agus costas EUR 1.4 billiún sa bhliain cheana ar chostas an bhirt, dá leanfaí leis an *status quo* ní chuirfí cosc le fás an damáiste eacnamaíoch, shóisialta nó comhshaoil ó SCInna agus dá dheasca sin bheadh sé neamhéifeachtach chun cuspóirí an togra seo a bhaint amach.

Rogha **1 –** Ní bheadh ach mionchostas breise ar chostas an bhirt i gceist leis an rogha seo i gcomparáid le Rogha 0, ach bheadh sé neamhéifeachtach chun an méadú ar dhamáiste a chosc.

Rogha **2.1 -** Meastar nach gcuirfeadh an rogha seo go mór le costais an bhirt (EUR 26 – EUR 40 milliún breise sa bhliain) i gcomparáid le Rogha 0 agus thairis sin d'fhéadfadh laghdú ar chostais teacht as thar thréimhse ama (EUR 1 billiún in aghaidh na bliana). Leis na bearta a mholtar faoi Rogha 2.1 bheadh atheagrú ar an gcaiteachas reatha i gceist – ag díriú níos mó ar chosc seachas frithghníomh (ag teacht leis an gcóras folláine plandaí agus leis an gcóras sláinte ainmhithe) – agus úsáid níos éifeachtaí acmhainní – trí thosaíocht chomhleanúnach. Choimeádfaí na costais bhreise chomh híseal agus a d'fhéadfaí freisin tríd an úsáid is mó agus a d'fhéadfaí a bhaint as na forálacha atá ann cheana. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag Rogha 2.1 ar thrádáil idirnáisiúnta (ach é sin amháin i gcás ina mbeadh toirmeasc ar SCInna d'ardluach a thrádáiltear de ghnáth) agus ar na fiontair bheaga agus ar na micrifhiontair a chothaíonn SCInna nó a thrádálann peataí nó speicis mhaisithe (ach amháin sa chás nach bhféadfaí roghanna oiriúnacha a aimsiú). Chuirfí an tionchar eacnamaíoch diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh, áfach, agus speiceas á bhreithniú don liosta. Ar an taobh eile, is iad saoránaigh, údaráis phoiblí, agus oibreoirí eacnamaíocha eile, lena n-áirítear roinnt mhaith fiontar beag agus micrifhiontar, amhail feirmeoirí agus foraoiseoirí, is mó a bhainfeadh tairbhe as méadú ar dhamáiste a sheachnófaí. Bhainfeadh gach oibreoir eacnamaíoch sochar freisin as deimhneacht dhlíthiúil fheabhsaithe agus as cur chuige níos comhordaithe. Ar deireadh, leis an mbunionstraim reachtach ba mhó na sochair mhóra shóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha a bheadh ann ná na costais. Go deimhin, sheachnófaí caillteanais post leis an bpacáiste (e.g. tar éis chliseadh na n-iascach), rachadh sé chun leasa na sláinte poiblí chomh maith le maoine agus saoráidí áineasa. Bheadh an tionchar ar an gcomhshaol dearfach freisin toisc go seachnófaí aon damáiste do na seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceolaíocha. Le gach SCI a gcuirtear cosc leis meastar go sábháiltear EUR 130 milliún sa bhliain ar an meán ar chostais damáiste/rialaithe san fhadtéarma. Is meastachán garbh é sin, ach léiríonn sé na sochair a d'fheadfadh a bheith ann i slí shimplí. Ina theannta sin, fiú mura bhféadfaí SCInna a bheadh ag nuabhunú a chosc, bheidís fós liostaithe agus bainistiú comhleanúnach á dhéanamh orthu, agus sheachnófaí tuilleadh costais damáiste fiú sa tslí sin.

Rogha **2.2 –** Bheadh an rogha seo ag luí le cur chuige níos frithghníomhaí, gan a bheith ródhian. Chuirfeadh sé roinnt costas riaracháin ar na Ballstát sin nach bhfuil córas ceadúnúcháin fós acu agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil spéis acu speicis choimhthíocha is ábhar imní do na Ballstát a scaoileadh. Leis an gcóras seo, áfach, sheachnófaí tabhairt isteach SCInna sa timpeallacht, cé nach mbeidís liostaithe mar SCInna is ábhar imní don AE, a d'fhéadfadh damáiste eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil nach beag a dhéanamh.

Rogha **2.3 –** Is é seo an cur chuige eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil is réamhchúramaí a d'fhéadfaí a ghlacadh. . Bheadh sé ina athrú nach beag, áfach, i gcomparáid leis an gcur chuige atá ann faoi láthair agus chruthódh sé ualach mór riaracháin do na hearnálacha a bhraitheann ar thabhairt isteach speiceas coimhthíoch sa timpeallacht (e.g. na hearnálacha gairneoireachta agus foraoiseachta).

Rogha **2.4 –** D'áiritheofaí leis an rogha seo go rachfaí i ngleic láithreach bonn le hionraí ar bhonn críochnúil . Le gach ionradh a dhíothófaí go mear sheachnófaí tionchar fadtéarmach diúltach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. Bheadh infheistíocht níos mó ar dtús ag teastaíl i ndáil leis an díothú, go príomha do na Ballstáit, ach d'fhéadfaí coigilteas nach beag a dhéanamh go fadtéarmach, don tsochaí i gcoitinne.

Ar deireadh, ní foláir a mheas go rachaidh sé i bhfeidhm ar na Ballstáit i slite éagsúla ag brath ar struchtúr a ngnólachtaí, seachas na dálaí geografacha agus aeráide atá acu. Mar shampla, tá earnáil foraoiseachta níos láidre ag Ballstáit áirithe thar Bhallstáit eile, (e.g. tíortha Nordacha, an Ghearmáin), agus earnáil gairneoireachta faoi bhláth i mBallstáit eile ( e.g. an Ísiltír). Níorbh fhéidir, áfach, éagothromaíochtaí suntasacha láidre a shainaithint idir na Ballstáit.

## 6. NA ROGHANNA A CHUR I GCOMPARÁID

Bunaithe ar an anailís ar na tionchair, féadadh an méid seo a leanas a bhaint de thátal as:

Cé go n-áirítear roinnt mhaith píosaí reachtaíochta AE agus náisiúnta i Rogha **0** agus Rogha **1,** ní thugtar aon aghaidh ar thromlach mór speiceas ná conairí. Meastar gurb é EUR 1.4 billiún sa bhliain costas an bhirt cheana, do na Ballstáit go príomha, ach ceaptar iad a bheith neamhéifeachtach chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach agus gan chomhleanúnachas le cuspóirí uileghabhálacha an AE.

Le Rogha **2.1** d’fhéadfaí tionchar diúltach na SCInna a laghdú agus a bheith éifeachtach i dtabhairt chun críche na gcuspóirí. Ní bheadh de chostas breise an bhirt dá bharr ach EUR 26 – EUR 40 milliún sa bhliain. Ina theannta sin, d’fhéadfadh costas an bhirt titim de réir a chéile go EUR 1 billiún sa bhliain. Bheadh tionchar dearfach aige ar éifeachtúlacht caiteachais údarás poiblí sna Ballstáit agus bheadh sé comhleanúnach le cuspóirí uileghabhálacha an AE.

Bheadh Rogha **2.2** níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí ná Rogha 2.1 agus costais bhreise réasúnta ag gabháil léi, toisc gur mhinic na Ballstáit ag cur leis na córais atá ann cheana.

Bheadh Rogha **2.3** níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí fós ná Rogha 2.2 ach ag an am céanna leagfadh sé ualach nár bheag ar oibreoirí eacnamaíocha áirithe, go háirithe iadsan atá ag gabháil do bhuntáirgeadh, rud a chuirfeadh isteach ar a héifeachtúlacht.

Bheadh Rogha **2.4** níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí ná Rogha 2.2 agus costais bhreise mheánacha ag gabháil léi.

Mar achoimre, meastar gur le Rogha 2.3 is mó a ghinfí an toradh ab'fhearr ó thaobh éifeachtúlachta agus ó thaobh comhleanúnachais de. Ceaptar an chomhbhabhtáil i dtreo na réimse eacnamaíocha a bheith rómhór, áfach, agus dá dheasca sin níl an costas/sochar a ghabhann leis chomh fabhrach le Rogha 2.2. Ar an taobh eile, meastar na sochair bhreise a bhaineann le Rogha 2.4 a bheith substaintiúil agus gur mó iad ná na costais bhreise i gcomparáid le Rogha 2.2 agus Rogha 2.1. Ina theannta sin, le Rogha 2.4 chuirfí go héifeachtúil leis na forálacha atá sna Ballstáit cheana. Mar sin, is é Rogha **2.4 rogha na tosaíochta**, leis an sochar is airde maidir le costais cé nach é an rogha a ghinfeadh na sochair bhithéagsúlachta is mó.

Agus Rogha 2.4 roghnaithe, táthar ag súil 1) go bhfanfadh costas bliantúil an bhirt seasmhach nó fiú go n-ísleoidh sé de réir a chéile, 2) go leanfadh ollmhéid na sochar (i.e. costas ó thaobh damáiste agus bainistíochta de a sheachaint) ag dul i méid thar na blianta, de réir mar a sheachnófaí líon méadaitheach na n-ionraí, 3) ní bheadh an t-ardú céanna ar chostais foriomláin na faidhbe agus a bheadh ceal birt ón AE.

## 7. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Tabharfar aghaidh ar fhaireachán agus ar mheastóireacht ar thoradh na hionstraime atá beartaithe trí bhíthin na n-oibleagáidí maidir le tuairisciú agus maidir le fógra a thabhairt mar atá leagtha síos sa téacs dlíthiúil. Ar an mbonn sin féadfaidh an Coimisiún agus comhlachtaí eile tuairisc a thabhairt ar tháscairí agus an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí a leanúint.

Bheadh oibleagáidí maidir le tuairisciú ag cur leis na sásraí tuairiscithe atá ann cheana mar a rinneadh leis na Treoracha um Éin agus um Ghnáthóga agus , an Chreat-treoir Uisce agus an Chreat-treoir um Straitéis Mhuirí chomh maith leis na córais maidir le Sláinte Ainmhithe agus Folláine Plandaí agus an córas Dobharshaothraithe. Bheadh an t-íosmhéid ar fad d'oibleagáidí den sórt sin agus a bheadh ag teastáil chun forfheidhmiú an téacs dhlíthiúil agus gealltanas idirnáisúnta eile a áirithiú, d'fhonn aon ualach riaracháin nár ghá a sheachaint.

Áiritheofaí sa téacs dlíthiúil clásal athbhreithniúcháin lena n-éascófaí an cur chuige a thabhairt cothrom le dáta de réir an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil agus lena n-éascófaí tuilleadh forbartha de réir a chéile i bhfianaise na saincheisteanna a thiocfadh chun solais le linn a chur chun feidhme.